2024/2616

4.10.2024

TREOIRLÍNE (AE) 2024/2616 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 30 Iúil 2024

lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2022/912 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíorama Tras-Eorpach (TARGET) nua giniúna (BCE/2022/8) *(BCE/2024/20)*

Tá Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc agus an ceathrú fleasc d'Airteagal 127(2) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 3.1 agus Airteagail 17, 18 agus 22 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an Chomhairle Rialaithe athbhreithniú ar an luach saothair a chuirtear i bhfeidhm ar na taiscí i mbainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu ('BCNanna anseo feasta') agus ar an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) nach mbaineann le cur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta ('taiscí beartais neamhairgeadaíochta'). Ba é aidhm an athbhreithnithe cur isteach a d'fhéadfadh a bheith á dhéanamh ar thaiscí den sórt sin leis an mbeartas airgeadaíochta aonair a sheachaint, agus comhlíonadh phrionsabal an gheilleagair margaidh oscailte agus comhsheasmhacht i láimhseáil taiscí comhchosúla laistigh den Eurochóras á áirithiú ag an am céanna.

(2) Tar éis an athbhreithnithe, ghlac an Chomhairle Rialaithe Cinneadh (AE) 2024/1209 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/11) ([1]) an 16 Aibreán 2024 mar ghníomh dlí aonair ina bhfuil forálacha maidir le híocaíocht taiscí beartais neamhairgeadaíochta chun trédhearcacht agus comhsheasmhacht a fheabhsú.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart tagairtí d'fhorálacha ábhartha Chinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11) a chur in ionad forálacha áirithe maidir le luach saothair a leagtar amach i dTreoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/8) ([2]).

(4) Is gá freisin gnéithe áirithe eile de Threoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8) a shoiléiriú agus a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith le hathbhreithnithe eagarthóireachta áirithe a thabhairt isteach.

(5) Ós rud é go mbeidh feidhm ag Cinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11) ón 1 Nollaig 2024, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha na Treoirlíne seo ón dáta céanna, chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIRLÍNE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8) mar a leanas:

(1) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

'8. Ní chlárófidh BCanna an Eurochórais, ar a gcuntais féin, sealbhóirí BIC inteagmhála nó páirtithe inrochtana atá incháilithe chun páirt a ghlacadh i TARGET mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, Cuid I, Airteagal 4, cé is moite de bhrainsí ábhartha BC an Eurochórais féin, na heintitis sin atá liostaithe faoi Iarscríbhinn I, Cuid I, Airteagal 4(2), pointí (a) agus (b), agus rannpháirtithe a bhfuil cuntais atá liostaithe i mír 2, pointe (d) acu.';

([1]) Cinneadh (AE) 2024/1209 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2024 maidir le luach saothair taiscí beartais neamhairgeadaíochta arna sealbhú le bainc cheannais náisiúnta agus leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/11) (IO L 2024/1290, 3.5.2024, ELI:.http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1209/oj).

([2]) Treoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Feabhra 2022 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíorama Tras-Eorpach (TARGET) glúin nua agus lena n-aisghairtear Treoirlíne BCE/2012/27 (BCE/2022/8) (IO L 163, 17.6.2022, lch. 84).

(2) in Airteagal 11(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) cineál na teidlíochta ar chistí arna sealbhú ar chuntas TARGET i gcás nach cuid d'eastát an AS iad na cistí atá á sealbhú, go háirithe chun comhlíonadh bheartas an Eurochórais maidir le húsáid réamhchistithe ag córais choimhdeacha mar a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin BCE a áirithiú.';

(3) Leasaítear Iarscríbhinní I agus III i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoirlíne seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur chun feidhme

1. Tiocfaidh an Treoirlíne seo i bhfeidhm an lá a thabharfar fógra do na BCNanna.

2. Glacfaidh BCNanna na bearta is gá chun an Treoirlíne seo a chomhlíonadh agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad ón 1 Nollaig 2024. Tabharfaidh siad fógra don BCE faoi na téacsanna agus na modhanna a bhaineann leis na bearta sin faoin 31 Deireadh Fómhair 2024, ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Seolaithe

Dírítear an Treoirlíne seo ar gach banc ceannais an Eurochórais.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 30 Iúil 2024.

Do Chomhairle Rialaithe an BCE
Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8) mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) i gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

'*Airteagal 12*

Luach saothair na gCuntas

1. Íocfar MCAnna, DCAnna agus fochuntais ag an ráta a leagtar amach in Airteagal 2(3), pointe (b), de Chinneadh (AE) 2024/1209 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/11) (*), mura n-úsáidtear iad chun ceachtar díobh seo a leanas a shealbhú:

(a) cúlchistí íosta;

(b) cúlchistí farasbairr.

I gcás cúlchistí íosta, déanfar ríomh agus íoc luach saothair i leith sealúchas a rialú le Rialachán (CE) Uimh. 2531/98 ón gComhairle (**)agus le Rialachán (AE) 2021/378 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/1).

I gcás cúlchistí farasbairr, déanfar ríomh agus íoc luach saothair i leith sealúchas a rialú le Cinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/31) (***).

2. Íocfar iarmhéideanna thar oíche arna sealbhú ar chuntas teicniúil AS TIPS nó ar chuntas teicniúil AS RTGS le haghaidh nós imeachta socraíochta AS D, agus cistí ráthaíochta arna sealbhú ag bonneagair margaidh airgeadais LEE, lena n-áirítear iad siúd arna sealbhú ar chuntas ciste ráthaíochta AS, ag an ráta a leagtar amach in Airteagal 2(3), pointe (c), de Chinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11).

3. Déanfar taiscí rialtais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Threoirlíne (AE) 2019/671 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/7) (****)a íoc i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 2(3), pointe (a), de Chinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11) [más infheidhme: agus beidh feidhm ag an ráta [cuir isteach cur chun feidhme Airteagal 2(3), pointe (a) de Chinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11) ag BCN] % p.a. sa bhliain].

_____

(*) Cinneadh (AE) 2024/1209 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 202416 Aibreán 2024 maidir le luach saothair taiscí beartais neamhairgeadaíochta arna sealbhú le bainc cheannais náisiúnta agus leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/11) (IO L 2024/1290, 3.5.2024 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1209/oj).

(**) Rialachán (CE) Uimh. 2531/98 ón gComhairle an 23 Samhain 199823 Samhain 1998 maidir le cúlchistí íosta a chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach (IO L 318, 27.11.1998, lch. 1).

(***) Cinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 201915 Deireadh Fómhair 2019 maidir le híocaíocht i leith sealúchais cúlchistí farasbairr agus i leith taiscí áirithe (BCE/2019/31) (IO L 267, 21.10.2019, lch. 12).

(****) Treoirlíne BCE/2019/671 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Aibreán 20199 Aibreán 2019 maidir le hoibríochtaí i dtaca le bainistíocht dliteanais agus sócmhainní intíre ag na bainc cheannais náisiúnta (BCE/2019/7)(IO L 113, 29.04.2019, lch. 11).';

(b) Leasaítear Foscríbhinn II mar a leanas:

(i) i mír 2 (Coinníollacha maidir le tairiscintí cúitimh), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) Féadfaidh íocóir éileamh ar tháille riaracháin agus cúiteamh úis a chur isteach más rud é, mar gheall ar mhífheidhm theicniúil TARGET:

(i) níor socraíodh ordú aistrithe airgid (lena n-áirítear chuig an tsaoráid taisce, nó chuig MCAnna nó DCAnna amháin nó níos mó ar leis an rannpháirtí sin é agus a marcáladh chun a íoscheanglais chúlchiste a chomhlíonadh) ar an lá gnó ar glacadh leis nó nárbh fhéidir é a chur isteach; agus

(ii) go ndearna an rannpháirtí iarracht úsáid a bhaint as, más infheidhme, na bearta próiseála teagmhasacha mar a thuairiscítear i bhFoscríbhinn IV, lena n-áirítear tacaíocht a iarraidh ó [cuir isteach ainm BC].';

(ii) i mír 3 (Cúiteamh a ríomh), i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

'(ii) cinnfear cúiteamh úis trí ráta tagartha a bheidh le socrú ó lá go lá a chur i bhfeidhm Is éard a bheidh sa ráta tagartha sin an ráta is ísle den ráta gearrthéarmach euro (€STR) lúide 20 bonnphointe agus an ráta saoráide iasachta imeallach mura mbaineann an t-éileamh le hordú aistrithe airgid chuig an tsaoráid taisce, agus sa chás sin is é an ráta saoráide taisce a bheidh sa ráta tagartha. Cuirfear an ráta tagartha i bhfeidhm maidir leis na nithe seo a leanas:

(1) méid an ordaithe aistrithe airgid, ach amháin i gcás na n-orduithe aistrithe airgid a dtagraítear i bpointe (2), nár socraíodh mar thoradh ar mhífheidhm theicniúil TARGET do gach lá den mhífheidhm sa tréimhse ón dáta a cuireadh isteach an t-ordú aistrithe airgid go hiarbhír nó ó dháta na hiarrachta ar chur isteach an ordaithe aistrithe airgid go dtí an dáta ar socraíodh nó ar a bhféadfaí an t-ordú aistrithe airgid a shocrú go rathúil;

(2) maidir le horduithe aistrithe airgid chuig MCAnna nó DCAnna amháin nó níos mó atá marcáilte chun íoscheanglais chúlchiste a chomhlíonadh, dá dtagraítear i mír 2, pointe (a),an difríocht idir méid an ordaithe aistrithe airgid nár socraíodh ar lá mhífheidhm theicniúil TARGET agus an méid nár éirigh leis an rannpháirtí a íoscheanglais chúlchiste a chumhdach mar thoradh air sin, ó dháta na mífheidhme go dtí deireadh na tréimhse cothabhála cúltaca.

Déanfar aon ús nó táillí a leanann as aon orduithe aistrithe airgid neamhshocraithe a chur i dtaisce leis an Eurochóras a asbhaint ó nó a ghearradh ar mhéid aon chúitimh, de réir mar a bheidh.';

(iii) i mír 3 (Cúiteamh a ríomh), i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

'(ii) beidh feidhm ag an modh a leagtar amach i bpointe (a)(ii)(1) chun cúiteamh úis a ríomh ach amháin go mbeidh cúiteamh úis iníoctha ag ráta is comhionann leis an difríocht idir an ráta iasachta imeallach agus an ráta tagartha, agus ríomhfar é ar an méid a bhaintear leas as an tsaoráid iasachta imeallach mar thoradh ar mhífheidhm theicniúil TARGET.';

(iv) i mír 4 (Rialacha nós imeachta), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b), (c) agus (d):

'(b) Laistigh de 4 seachtaine ó mhífheidhm theicniúil TARGET, cuirfidh rannpháirtithe a bhfoirmeacha éilimh faoi bhráid [cuir isteach ainm BC]. Soláthrófar aon fhaisnéis agus fianaise bhreise a iarrfaidh [cuir isteach ainm BC] laistigh de 2 sheachtain tar éis an iarraidh sin a dhéanamh.

(c) Déanfaidh [cuir isteach ainm BC] na héilimh a athbhreithniú agus a chur ar aghaidh chuig an BCE. Mura gcinnfidh Comhairle Rialaithe BCE a mhalairt agus mura gcuirfear in iúl do na rannpháirtithe iad, déanfar gach éileamh a fhaightear a mheasúnú tráth nach déanaí ná 14 seachtaine tar éis mhífheidhm theicniúil TARGET mura mbaineann an t-éileamh le horduithe aistrithe airgid chuig MCAnna nó DCAnna amháin nó níos mó ar leis an rannpháirtí sin iad agus a mharcáil chun íoscheanglais chúlchiste a chomhlíonadh dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), agus sa chás sin déanfar na héilimh a fuarthas a mheasúnú tráth nach déanaí ná 14 seachtaine tar éis dheireadh na tréimhse cothabhála cúltaca inar tharla mífheidhm theicniúil TARGET.

(d) Cuirfidh [cuir isteach ainm BC] toradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i bhfomhír (c) in iúl do na rannpháirtithe ábhartha. Má tá tairiscint chúitimh i gceist leis an measúnú, déanfaidh na rannpháirtithe lena mbaineann, laistigh de 4 seachtaine ó chur in iúl na tairisceana sin dóibh, í a ghlacadh nó a dhiúltú, maidir le gach ordú aistrithe airgid a chuimsítear i ngach éileamh, trí litir ghlactha chaighdeánach a shíniú (san fhoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin [cuir isteach ainm BC] (féach [cuir isteach tagairt do shuíomh gréasáin BC]). Más rud é nach mbeidh an litir sin faighte ag [cuir isteach ainm BC] laistigh de 4 seachtaine, measfar gur dhiúltaigh na rannpháirtithe lena mbaineann an tairiscint chúitimh.';

(c) in Foscríbhinn V, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (6):

'6. Taispeántar sa tábla seo a leanas na céimeanna éagsúla de lá gnó TARGET agus na himeachtaí suntasacha oibríochtúla a bhaineann le MCAnna, RTGS DCAnna, (*) T2S DCAnna agus TIPS DCAnna (**):

HH:MM	MCAnna	RTGS DCAs ([1])	DCAnna T2S	TIPS DCAs ([2])
Thart ar 18:45 (D-1)	Tús lae gnó: Athrú dáta luacha.	Tús lae gnó: Athrú dáta luacha.	Tús lae gnó: Athrú dáta luacha. Ullmhú na socraíochta istoíche	Próiseáil orduithe íocaíochta meandraí. Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta chuig cuntais theicniúla AS TIPS nó uathu. Ní phóiseáltar aon aistrithe leachtachta idir DCAnna TIPS agus cuntais eile.
19:00 (D-1)	Socraíocht CBOnna. Aisíoc iasachta imeallaí. Aisíoc taiscí thar oíche. Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta uathoibrithe agus riailbhunaithe.		An spriocam chun fothaí sonraí CMS a ghlacadh. Ullmhú na socraíochta istoíche.	
19:30 (D-1)	Socraíocht CBOnna. Próiseáil buanorduithe aistrithe leachtachta. Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta uathoibrithe, riailbhunaithe agus láithreacha.	Socraíocht orduithe aistrithe AS. Próiseáil buanorduithe aistrithe leachtachta. Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta uathoibrithe, riailbhunaithe agus láithreacha.		Próiseáil orduithe íocaíochta meandraí. Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta chuig/ó chuntais theicniúla TIPS AS agus orduithe aistrithe leachtachta idir DCAnna TIPS agus MCAnna/RTGS DCAnna.
20:00 (D-1)			Timthriallta socraíochta istoíche	Próiseáil orduithe íocaíochta meandraí. Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta chuig/ó chuntais theicniúla TIPS AS agus orduithe aistrithe leachtachta idir DCAnna TIPS agus cuntais TARGET eile.
02:30 (D)		Socraíocht orduithe aistrithe AS. Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta uathoibrithe, riailbhunaithe agus láithreacha. Orduithe custaiméirí agus idirbhainc a phróiseáil		

HH:MM	MCAnna	RTGS DCAs ([1])	DCAnna T2S	TIPS DCAs ([2])
02:30 (lá féilire tar éis D-1)	Fuinneog cothabhála neamhroghnach go dtí 02:30 ar laethanta gnó tar éis laethanta dúnta lena n-áirítear gach lá gnó Luain. Tréimhse chothabhála roghnach (más gá) ó 03:00–05:00 an Laethanta gnó TARGET.	Fuinneog cothabhála neamhroghnach go dtí 02:30 ar laethanta gnó tar éis laethanta deiridh lena n-áirítear gach lá gnó Dé Luain. Tréimhse chothabhála roghnach (más gá) ó 03:00–05:00 ar laethanta gnó TARGET.	Fuinneog cothabhála neamhroghnach go dtí 02:30 ar laethanta gnó tar éis laethanta deiridh lena n-áirítear gach lá gnó Dé Luain. Tréimhse chothabhála roghnach (más gá) ó 03:00–05:00 laethanta gnó TARGET ([3]).	Próiseáil orduithe íocaíochta meandraí. Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta chuig cuntais theicniúla AS TIPS nó uathu. Ní phróiseáltar aon orduithe aistrithe leachtachta idir DCAnna TIPS agus cuntais TARGET eile
Am athoscailte* (D)	Socraíocht CBOnna. Próiseáil uathoibrithe, riailbhunaithe agus láithreach orduithe aistrithe leachtachta	Socraíocht orduithe aistrithe AS. Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta uathoibrithe, riailbhunaithe agus láithreacha. Orduithe custaiméirí agus idirbhainc a phróiseáil	Timthriallta socraíochta istoíche	Próiseáil orduithe íocaíochta meandraí. Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta chuig/ó chuntais theicniúla TIPS AS agus orduithe aistrithe leachtachta idir DCAnna TIPS agus cuntais TARGET eile.
05:00 (D)			Trádáil lae/Socraíocht fíor-ama: Ullmhú do shocraíocht fíor-ama; Ionú páirt-shocraíochta páirtí ([4]).	
16:00 (D)			Scoitham le haghaidh orduithe DvP	
16:30 (D)			Aisíocaíocht uathoibríoch d'uathsholáthar urrúis chomhthaobhaigh, agus an scuab airgid roghnach ina dhiaidh sin.	

HH:MM	MCAnna	RTGS DCAs ([1])	DCAnna T2S	TIPS DCAs ([2])
17:00 (D)		Scoitham le haghaidh orduithe íocaíochta ó chustaiméirí		
17:40 (D)			Scoitham le haghaidh oibríochtaí bainistíochta cisteáin comhaontaithe déthaobhacha (bilaterally agreed treasury management operations, BATM) agus scoith CBO	
17:45 (D)		scoitham le haghaidh orduithe um aistriú leachtachta chuig DCAnna T2S.	Scoitham le haghaidh orduithe aistrithe leachtachta isteach.	Próiseáil orduithe íocaíochta meandraí. Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta chuig/ó chuntais theicniúla TIPS AS agus orduithe aistrithe leachtachta idir DCAnna TIPS agus MCAnna/RTGS DCAnna. Orduithe aistrithe leachtachta ó DCAnna TIPS go DCAnna T2S a bhlocáil. Ní phróiseáiltear aon orduithe aistrithe leachtachta idir DCAnna T2S agus DCAnna TIPS le linn na tréimhse seo.
18:00 (D)	Scoitham le haghaidh: — Orduithe aistrithe leachtachta — CBOs, seachas saoráidí seasmhacha — modhnaithe ar línte creidmheasa.	Scoitham le haghaidh: — orduithe íocaíochta idirbhainc — leachtacht orduithe aistrithe — orduithe aistrithe AS	Scoith FOP. Deireadh le próiseáil socraíochta T2S. Athchúrsáil agus glanadh. Tuairisciú agus ráitis dheireadh lae.	Próiseáil orduithe íocaíochta meandraí. Próiseáil orduithe aistrithe leachtachta chuig cuntais theicniúla AS TIPS nó uathu. Ní phróiseáltar aon orduithe aistrithe leachtachta idir DCAnna TIPS agus cuntais eile.
				Go gairid i ndiaidh 18:00: Athrú ar lá gnó (tar éis an teachtaireacht camt.019 a fháil ó MCA/RTGS). Léiriú ar iarmhéideanna DCAnna TIPS agus tuairisciú deireadh lae.

HH:MM	MCAnna	RTGS DCAs ([1])	DCAnna T2S	TIPS DCAs ([2])
18:15 (D)	Scoith le haghaidh úsáide saoráidí seasmhacha.			Próiseáil orduithe íocaíochta meandraí agus orduithe aistrithe leachtachta chuig/ó chuntais theicniúla AS TIPS. Ní phróiseáltar aon orduithe aistrithe leachtachta idir DCAnna TIPS agus cuntais eile.
18:40 (D)	Scoitham le haghaidh iasachta immeallaí (BCNanna amháin). Próiseáil deiridh lae.			

([1]) Baineann sé freisin le cuntais theicniúla RTGS AS, fo-chuntais agus cuntais chiste ráthaíochta AS.
([2]) Baineann sé freisin le cuntais theicniúla TIPS AS.
([3]) I gcás DCAnna T2S: chun críche an ionú cothabhála, measfar gur lá gnó é an 1 Bealtaine.
([4]) Tarlaíonn ionú páirtshocraíochta ag 08:00, 10:00, 12:00, 14:00 agus 15:30 (nó 30 nóiméad roimh thús am scoite DvP, cibé acu is túisce).

Féadfar na huaireanta oibríochta a athrú sa chás go nglactar bearta leanúnachais gnó i gcomhréir le Fhoscríbhinn IV. Ar an lá deiridh de thréimhse chothabhála chúlchiste an Eurochórais, tarlóidh na hamanna scoite 18:15, 18:40, 18:45, 19:00 agus 19:30 maidir le MCAnna agus DCAnna RTGS (chomh maith le cuntais theicniúla AS RTGS agus focuntais agus cuntais chistí ráthaíochta AS) 15 nóiméad níos déanaí.

Liosta de ghiorrúcháin agus nótaí leis an tábla seo:

* Amanna athoscailte: d'fhéadfadh go n-athróidh siad de réir na staide. Soláthraíonn an tOibreoir an fhaisnéis.

(D-1): an lá gnó roimhe sin

(D): lá gnó = dáta luacha

CMS: Córas Bainistíochta Comhthaobhachta

Orduithe DvP: Seachadadh in aghaidh Orduithe Íocaíochta.

(*) Baineann sé freisin le cuntais theicniúla RTGS AS, fo-chuntais agus cuntais chiste ráthaíochta AS.

(**) Baineann sé freisin le cuntais theicniúla TIPS AS.';

(d) i bhFoscríbhinn VI, cuirtear an méid seo a leanasin ionad roinn 6 (TÁILLÍ LE HOLDÓIRÍ DCA TIPS), agus roinn 7 (TÁILLÍ LE HAGHAIDH TIPSÍ A ÚSÁID MAR NÓS IMEACHTA SOCRÚCHÁIN):

'6. TÁILLÍ DO SHEALBHÓIRÍ DCA TIPS

Gearrfar táillí ar fheidhmiú DCAnna TIPS mar seo a leanas:

(a) I gcás gach TIPS DCA, gearrfar táille sheasta mhíosúil EUR 800 ar shealbhóir DCA TIPS. Áireofar leis an táille sheasta sin BIC amháin, a bheidh ina pháirtí inrochtana in TIPS agus a ainmneofar le haghaidh úsáid shealbhóir DCA TIPS;

(b) I gcás gach páirtí eile ar féidir teacht air, suas le huasmhéid 50, arna ainmniú ag sealbhóir DCA TIPS, gearrfar táille sheasta mhíosúil EUR 20 ar shealbhóir DCA TIPS ainmniúcháin. Ní ghearrfar aon táille ar aon pháirtithe inrochtana a ainmneofar ina dhiaidh sin;

(c) As gach ordú um íocaíocht meandrach nó freagra aisghlaoch deimhneach a nglacann [cuir isteach ainm CB] mar a leagtar amach i gCuid I, Airteagal 17, gearrfar táille EUR 0,001 ar shealbhóir DCA TIPS atá le cur chun dochair agus ar shealbhóir an chuntais theicniúil DCA TIPS nó TIPS AS atá le cur chun sochair, cibé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar an t-ordú um íocaíocht ar an toirt nó an freagra dearfach aisghlaoch a shocrú;

(d) Ní ghearrfar aon táille as orduithe aistrithe leachtachta ó DCAnna TIPS chuig MCAnna, RTGS, fochuntais, cuntais taisce thar oíche, cuntais theicniúla TIPS AS ná DCAanna T2S.

7. TÁILLÍ MAIDIR LE hÚSÁID A BHAINEANN AS NÓS IMEACHTA SCORAÍOCHTA TIPS AS

Gearrfar táillí as nós imeachta TIPS AS a úsáid mar a leanas:

(a) I gcás gach cuntais theicniúil TIPS AS, gearrfar táille sheasta mhíosúil EUR 3 000 ar shealbhóir TIPS AS;

(b) I gcás gach páirtí ar féidir teacht air, suas le huasmhéid 50, arna ainmniú ag sealbhóir cuntais theicniúil TIPS AS, gearrfar táille sheasta mhíosúil EUR 20 ar shealbhóir cuntais theicniúil TIPS AS. Ní ghearrfar aon táille ar aon pháirtithe inrochtana a ainmneofar ina dhiaidh sin;

(c) As gach ordú um íocaíocht meandrach nó freagra aisghlaoch deimhneach a nglacann [cuir isteach ainm CB] mar a leagtar amach i gCuid I, Airteagal 17, gearrfar táille EUR 0,001 ar shealbhóir cuntais theicniúil TIPS AS atá le cur chun dochair agus ar shealbhóir cuntais teicniúil TIPS AS nó DCA TIPS atá le cur chun sochair, cibé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar an t-ordú um íocaíocht ar an toirt nó an freagra dearfach aisghlaoch a shocrú;

(d) Ní ghearrfar aon táille ar orduithe aistrithe leachtachta ó chuntais theicniúla TIPS AS chuig DCAnna TIPS;

(e) I dteannta na dtáillí atá leagtha amach thuas, beidh gach AS faoi réir táille mhíosúil bunaithe ar ollmhéid bhunúsach na n-íocaíochtaí meandracha, gar d'íocaíochtaí meandracha agus na bhfreagraí dearfacha aisghairme arna socrú in ardán an AS féin agus arna chumasú ag na suíomhanna réamh-mhaoinithe ar chuntas theicniúil TIPS AS. I gcás gach míosa, tuairisceoidh gach AS ar ollmhéid bhunúsach a íocaíochtaí meandracha socraithe, gar d'íocaíochtaí meandracha agus a fhreagraí dearfacha aisghairme socraithe arna slánú síos go dtí an deich míle is gaire, faoin tríú lá gnó den mhí dár gcionn ar a dhéanaí. Cuirfear an t-ollmhéid foluiteach tuairiscithe i bhfeidhm faoin [cuir isteach ainm CB] chun an táille aonaid in aghaidh na híocaíochta meandraí socraithe, gar d'íocaíochtaí meandraí nó an fhreagra aisghlaoch dhearfaigh socraithe don mhí roimhe sin a ríomh de réir an tábla seo a leanas:

Ollmhéid foluiteach tuairiscithe		
Ó	Chuig	Táille an Aonaid
0	10 000 000	EUR 0,00040
10 000 001	25 000 000	EUR 0,00030
25 000 001	100 000 000	EUR 0,00020
100 000 001		EUR 0,00015'

(2) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (11):

'(11) ciallaíonn "brainse" brainse de réir bhrí phointe (17) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*)nó phointe (30) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), seachas mar a thagraítear dó in Airteagal 9(8) den Treoirlíne seo;

(*) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 201326 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

(**) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 201415 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (42):

'(42) ciallaíonn "**íocaíochtaí beagnach meandracha"** ordú aistrithe airgid a chomhlíonann Caighdeán NL Sheirbhísí Roghnacha Breise um Aistriú Creidmheasa SEPA (SEPA Credit Transfer Additional Optional Services, SCT AOS) na Comhairle Íocaíochta Eorpaí maidir le haistrithe creidmheasa SEPA a phróiseáil ar an toirt nó a chomhlíonann Scéim um Aistriú Creidmheasa Meandrach Aon Chéim Amháin (One-Leg Out Instant Credit Transfer (OCT Inst, OCT Inst) SEPA de chuid na Comhairle Íocaíochta Eorpaí;'.